



Eleathanach 386



Dé Luain, an 31 Bealtaine, 2021

aoileach ainmhithe



amóinia

Amóinia san Aer

An bhfuil suim agat sa timpeallacht? Is greannán é seo faoin tionchar a bhíonn ag amóinia san aer ar an timpeallacht. Chruthaigh eolaithe ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath do pháistí é.

Mar shampla, fásann plandaí áirithe nuair a bhíonn amóinia san aer agus faigheann plandaí eile bás. Is aoileach ainmhithe is cúis le hamóinia san aer - aoileach ó na sicíní, ó na muca agus ó na ba.

Ach is féidir linn cabhrú leis an timpeallacht! Tá na freagraí ar fad sa ghreannán seo. Ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi seo? Cliceáil anseo! <http://hdl.handle.net/10197/12190>

Toirtís ollmhór ó Oileáin Galápagos!

Tá a lán ainmhithe, éin agus plandaí neamhchoitianta ar Oileáin Galápagos san Aigéan Ciúin. Tá toirtísí agus lasairéin ina measc.

Dhá bhliain ó shin, tháinig eolaithe ar thoirtís ollmhór. An tseachtain seo caite d'fhógair siad gur bhain an toirtís seo leis an speiceas *chelonoidis phantasticus*. Bhí ionadh ar eolaithe mar cheap siad nach raibh aon toirtís ón speiceas sin fós beo.

Tá siad anois ag faire amach do níos mó toirtísí a bhaineann leis an speiceas seo chun iad a chaomhnú.



Toirtís ollmhór ón speiceas *chelonoidis phantasticus* ag siúl go mall!

Dhá lasairéan san uisce



Cluiche ceannais den tSraith Europa

Bhí an cluiche ceannais den tSraith Europa ar siúl Déardaoin. Bhí Manchester United ag imirt i gcoinne Villarreal, ó Valencia sa Spáinn. Bhí an cluiche ar siúl in Gdansk, sa Pholainn, agus bhí 9,500 duine sa lucht féachana don chluiche.

Fuair Parejo cúl do Villarreal sa chéad leath. Sa dara leath, d'éirigh le Man. United cúl a fháil agus bhí siad ar comhscór don chuid eile den chluiche. Ansin bhí leathuair an chloig d'am breise, agus d'fhan siad ar comhscór.

Ansin bhí ciceanna éirice acu agus ghlac gach duine ar an dá fhoireann cic an duine. Bhí siad ar comhscór 10-10 nuair a bhí ar na cúl bairí cic éirice a ghlacadh. D'éirigh le cúl báire Villarreal cúl a fháil. Ansin, chuir sé stop le hiarracht ó chúl báire Man. United.

Bhí an bua ag Villarreal agus bhí áthas an domhain orthu! Ba é seo an chéad uair dóibh an bua a fháil sa tsraith seo.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilchta & Gaelscoláochta

